



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

ADVANCED  
General Certificate of Education  
2010

## Fisic

Aonad Measúnaithe A2 3

Teicnící Praictíúla  
(Measúnú Inmheánach)  
Seisiún 1

[AY231]



DÉ CÉADAOIN 12 BEALTAINE, MAIDIN

AM

1 uair 30 nóiméad.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna  
chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Tiontaigh go leathanach 2 le haghaidh Treorach agus Faisnéise breise.

Uimhir Ceiste	Marcanna	
	Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora
1		
2		
3		
Marc lomlán		

5523.12

## TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Freagair na ceisteanna **uilig** sa pháipéar seo. Ní mór obair gharbh agus ríomhaireachtaí a dhéanamh sa pháipéar seo chomh maith. Mura n-iarrtar ort é, ná cuir síos ar an fhearas ná ar nósanna imeachta turgnamhacha. Cuirfidh an Feitheoir in iúl duit an t-ord inar chóir duit na ceisteanna a fhreagairt. Níor chóir níos mó na 30 nóiméad a chaitheamh ar gach ceist. Is féidir go n-iarrfar ort tosú leis na táistálacha turgnamhacha i Roinn A, nó leis an cheist aonair i Roinn B.

Tá dhá tháistíil thurgnamhacha i Roinn A. Beidh an fearas ar fáil duit ar feadh 28 nóiméad. Beidh dhá nóiméad ag an Fheitheoir leis an stáisiún a ullmhú don chéad iarrthóir eile. Ag deireadh na tréimhse 30 nóiméad iarrfar ort aistriú go dtí an áit atá leagtha amach don chéad cheist eile. Tá ceist amháin i Roinn B ina ndéanfar tú a tháistíil ar ghnéithe de phleanáil agus dhearadh.

## EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.

Tá 20 marc ag dul do gach ceist.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach cuid de cheist.

Tá cead agat áireamhán leictreonach a úsáid.

## **LEATHANACH BÁN**

## Roinn A


- 1 Sa turgnamh seo, tá ort imscrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha cothromáiochta atá i gceist le rialóir méadair atá ar crochadh.

Is iad seo a leanas aidhmeanna an turgnaimh:

- an rialóir méadair a choinneáil cothrománach trí shuíomh agus méid na maiseanna atá ceangailte de a athrú;
- na torthai a úsáid le graf líneach a bhreacadh;
- an graf seo a úsáid leis an luach a fháil don mhais atá sa rialóir méadair; agus
- luach a fháil do dhlús an adhmaid sa rialóir méadair.

### Fearas

Tá an fearas a thaispeántar in **Fíor 1.1** curtha i dtreoir. Tá an rialóir méadair ar crochadh as dhá lingeán chomhionanna ag pointí fosaithe P agus Q. Tá 50 g sa mhais,  $M$ , agus tá sí suite ag marc 20 cm ar an rialóir méadair. **Ní athraítear suíomh  $M$  le linn an turgnaimh.** Tá ortanois, mais 100 g a cheangal de cheachtar den dá lúb gar do phointe Q agus í a bhogadh go mbeidh an rialóir méadair fochtarach cothrománach.



**Fíor 1.1**

- (a) Agus  $M = 50\text{ g}$ , cuir an mhais 100 g ar an rialóir méadair, mar luadh roimhe, le go mbeidh an rialóir cothrománach.

- (i) Cuir síos ar an dóigh a ndearna tú cinnte de go raibh an rialóir cothrománach, gan ach an fearas a cuireadh ar fáil duit a úsáid.

---



---



---

[1]

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

- (ii) Tomhais an fad cothrománach,  $d$ , ón taobh deas den rialóir méadair go dtí an lúb ar a bhfuil an mhais **100 g**. Taifead do thoradh in **Tábla 1.1**. Faigh 4 luach eile do  $d$  trí  $M$  a mhéadú faoi 50 g gach uair. Taifead do thorthaí in **Tábla 1.1**, an toradh ar  $M = 50$  g san áireamh. Ní chaithfidh tú athléamha a ghlacadh.

**Tábla 1.1**


$M/\text{g}$	$d/\text{cm}$
50	
100	
150	
200	
250	

[5]

- (b) Breac graf de  $M$  (y ais) ar  $d$  (x ais) ar an eangach ar **Fíor 1.2** ar leathanach 6. Roghnaigh scála cuí don  $d$  ais, ag tosú ag nialas, breac na pointí agus tarraing líne an oriúnaithe is fearr.

[4]

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc



**Fíor 1.2**

Cuireann Cothromóid 1.1 síos ar an dronlíné atá tarraingthe agat

$$M = kd + \left( \frac{600+B}{2} \right) \text{ Cothromóid 1.1}$$

áit ar tairseach é  $k$  agus arb é  $B$  an mhais atá sa rialóir méadair ina graim.

(c) (i) Cad é mar a gheofá luach do  $k$  ón ghraf?

(Ní chaithfidh tú luach a ríomh do  $k$ .)

---

---

[1]

(ii) Úsáid an graf le luach a fháil do  $B$ , an mhais atá sa rialóir méadair.

Mais = \_\_\_\_\_ g

[3]

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

- (d) Is féidir **Cothromóid 1.2** a úsáid le dlús ábhair a ríomh.

$$dlús = \frac{mais}{toirt} \quad \text{Cothromóid 1.2}$$

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

- (i) Is féidir glacadh leis gurb é 100 cm fad beacht an rialóra méadaire. Úsáid an cailpéar Vernier a cuireadh ar fáil duit le tomhais chuí a ghlacadh, a úsáidfidh tú le dlús an adhmaid as a bhfuil an rialóir méadaire déanta a ríomh. Taifead na tomhais, agus an éiginnteacht absalóideach a bhaineann leo in **Tábla 1.2**. Ná luaih luachanna ar bith faoi dhó.

**Tábla 1.2**

Tomhas	Éiginnteacht	Aonad

[3]

- (ii) Cé acu de na tomhais seo is mó a chuirfidh leis an éiginnteacht chéatadánach iomlán i do thomhas ar dhlús? Mínígh do fhreagra.

---



---

[1]

- (iii) Ríomh luach do dhlús adhmaid.


Dlús adhmaid = \_\_\_\_\_  $\text{g cm}^{-3}$  [2]

- 2 Sa turgnamh seo, tá ort tréimhse ascalaithe luascadáin a imscrúdú.

Is iad seo a leanas aidhmeanna an turgnaimh:

- tréimhse ascalaithe luascadáin ag airdí difriúla os cionn an tábla a fháil;
- na torthai a bhreacadh ar ghraf; agus
- luachanna do dhá thairiseach anaithnide  $P$  agus  $R$  a ríomh.

Tá an fearas a thaispeántar in **Fíor 2.1** curtha i dtreoir.



**Fíor 2.1**

- (a) Tomhais an airde,  $a$ , ón tábla go dtí bun mhirleán an luascadáin. Taifead an airde seo in **Tábla 2.1** ar leathanach 10. Díláithrigh mirleán an luascadáin pas beag agus lig dó a bheith ag ascalú le haimplitiúid bheag. Glac léamha le tréimhse an ascalaithe,  $T$ , a fháil. Cuir isteach ceannteidil ar bith atá de dhíth sa cholún leathan in **Tábla 2.1** agus taifead do thomhais.

Tarraing an snáithe tríd an chorc scoilte ag an phointe crochta leis an airde,  $a$ , a athrú. Déan an turgnamh arís agus ceithre luach eile do  $a$ , nach mó ná 0.40 m, in úsáid agat.

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

**Tábla 2.1**

a/m		T/s	

[4]

**Teoiric**

Is le **Cothromóid 2.1** a thugtar an gaol idir  $T$  agus a

$$T = 2\pi \sqrt{\frac{R-a}{P}} \quad \text{Cothromóid 2.1}$$

áit at tairisigh iad  $R$  agus  $P$ .

- (b) Tá ort graf dronlínéach cuí a tharraingt is féidir a úsáid le luachanna  $R$  agus  $P$  a fháil.

Athraíodh **Cothromóid 2.1** trína cearnú le **Cothromóid 2.2** a thabhairt

$$T^2 = \frac{4\pi^2 R}{P} - \frac{4\pi^2 a}{P} \quad \text{Cothromóid 2.2}$$

- (i) Cuir **Cothromóid 2.2** i gcomparáid le cothromóid de dhronlíné agus luaigh na cainníochtaí a bheidh le breacadh agat ar an ghraf.

Ais cheartingearach \_\_\_\_\_

Ais chothrománach \_\_\_\_\_ [2]

- (ii) Leis an ghraf seo a bhreacadh, **beidh** ort na luachanna ar chainníocht eile a ríomh. Cuir ceannteideal cuí sa cholún deiridh in **Tábla 2.1**, déan ríomhaireachtaí agus scríobh na torthaí sa cholún seo. [2]

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

- (iii) Lipéadaigh na haiseanna ar an eangach graif ar **Fíor 2.2** ar leathanach 12 le go mbeidh siad ag teacht le (b)(i) agus roghnaigh scálaí cuí. Breac na pointí agus tarraing líne an oiriúnaithe is fearr. [5]

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

- (iv) 1 Úsáid an graf le luach  $P$  a fháil agus scríobh an luach anseo thíos.

$$P = \underline{\hspace{2cm}}$$

$$\text{Aonaid de } P = \underline{\hspace{2cm}}$$


[4]

- 2 Úsáid **Cothromóid 2.1** le luach a ríomh do  $R$ .

$$R = \underline{\hspace{2cm}}$$

$$\text{Aonaid de } R = \underline{\hspace{2cm}}$$

[3]



Fíor 2.2

## Róinn B

- 3 Sa cheist seo, tá ort turgnamh a phleanáil leis an fhuinneamhbhearna do theirmeastar a ríomh, tríd an dóigh a n-athraíonn friotaíocht an teirmeastair de réir mar a athraíonn an teocht, a thomhas. Is le **Cothromóid 3.1** a thugtar an gaol idir an fhriotaíocht  $R$  agus an teocht absalóideach  $T$ , áit ar tairiseach é  $A$  agus ar tairiseach eile é  $B$  atá bainte leis an fhuinneamhbhearna.

$$R = Ae^{-BT} \quad \text{Cothromóid 3.1}$$

- (a) (i) Cuir síos ar an turgnamh a d'fhéadfá a dhéanamh le friotaíocht an teirmeastair a fháil ag teochtaí difriúla, agus an modh aimpmhéadair-voltmhéadair in úsáid agat. Ba chóir go mbeadh na rudaí seo i leanas i do fhreagra:

- léaráid lipéadaithe den fhearas agus den chiorcad a bheadh in úsáid;
- an nós imeachta, agus na tomhais a bheadh le déanamh leis na torthaí a fháil, agus
- próiseáil torthaí le sraith luachanna a thabhairt ar fhriotaíocht agus ar theocht absalóideach.

---



---



---



---



---



---



---



---



---



---



---

[6]

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

- (ii) Seachas an turgnamh a dhéanamh arís, cuir síos agus tabhair míniú ar ghné amháin eile den nós imeachta turgnamhach a thabharfadhbh toorthaí níos iontaoфа.

---



---



---



---

[2]

- (b) (i) Sceitseáil an graf de  $R$  ar  $T$  lena mbeifeá ag súil i gcás **Cothromóid 3.1** a bheith ceart.



[1]

- (ii) Glac na logartaim aiceanta ( $\ln$ ) ar dhá thaobh **Cothromóid 3.1** le cothromóid a fháil i bhfoirm graf dronlínéach  $y = mx + c$ .

---

[1]

- (c) Caithfear luach ar  $A$  a fháil ó na toorthaí turgnamhacha. Cuir síos ar an dóigh a bhfaighfeá an luach seo ó ghraf dronlínéach. Luagh i do fhreagra na cainníochtaí a bhreacfaidh tú ar an  $y$  agus ar an  $x$  ais den ghraf agus ansin, an dóigh ar féidir  $A$  a fháil ón ghraf.

(i)  $y$  ais \_\_\_\_\_

$x$  ais \_\_\_\_\_

[2]

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

- (ii) Mínigh an dóigh ar féidir luach a fháil do A ón ghráf.

---



---



---

[2]

Marc Múinteora	Seiceáil Scrúdaitheora	Athmharc

- (d) Is le **Cothromóid 3.2** a thugtar an gaol idir an fhuinneamhbhearna  $E_g$  agus tairiseach  $B$

$$B = \frac{E_g}{2k} \text{ Cothromóid 3.2}$$

áit arb é  $k$  an tairiseach Boltzmann.

Cuir síos ar an dóigh ar féidir luach a fháil do  $E_g$  ón ghráf agus ó **Cothromóid 3.2**.

---



---



---

[2]

- (e) Úsáidfear aimpmhéadar agus voltmhéadar digiteach sa chiorcad. Is é 0.00 A an léamh a bhí ar an aimpmhéadar sular casadh an ciorcad air. Is é 0.0 V an léamh a bhí ar an voltmhéadar. Cuir síos ar an dóigh a ríomhfá éiginnteacht absalóideach i luach friotaíochta an teirmeastair ag teocht  $T$ .

---



---



---



---



---

[4]

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.  
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh  
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.